BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN

KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Service Plan 2026

Plean Seirbhíse 2026



Clár na nÁbhar

- **Teachtaireacht ón gCathaoirleach 2**
- **Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach 3**
- **Léargas Ginearálta ar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin 4**
- **Forléargas ar Sheirbhísí 2026 ..... 5**
- **Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta 5**
- **Scoileanna 7**
- **Breisoideachas agus Oiliúint (BO) 7**
- **Léarscáil de Siochana agus Seirbhísí KWETB 12**
- **Ráiteas Straitéise 2025 – 2029 ..... 13**
- **Comhaontú um Sholáthar Feidhmíochta agus Tosaíochtaí Straitéiseacha don Bhliain 2026 .... 15**
- **Admhálacha agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2026 ..... 36**
- **Admhálacha 36**
- **Aguisíní 39**

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin tá áthas orm Plean Seirbhíse 2025 a chur in bhur láthair, forbraíodh de réir dualgais reachtúla BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin mar atá leagtha síos i Roinn 47 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht).

De réir an Achta, rinne Coiste Airgeadais BOOCDCM athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse 2026, agus mhol sé go nglacfaí leis ag cruinniú ar an 18 Feabhra 2026. Déanann an coiste monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse go rialta i rith na bliana, ag coimeád an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin ar an eolas maidir le dul chun cinn agus spriocanna de réir mar atá leagtha amach. Ghlac Bord BOOCDCM le Plean Seirbhíse 2026 ar an 24 Feabhra 2026.

I bPlean Seirbhíse 2026, leagtar amach réimse leathan imeachtaí pleanáilte, i stiúrthóireacht na Scoileanna, sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, agus i dTacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Tá eolas airgeadais a bhaineann le hábhar agus réamh-mheastacháin bhuiséid i bPlean Seirbhíse 2026 chomh maith. Áilínithe le Ráiteas Straitéise BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin, tá BOOCDCM tiomanta oideachas agus oiliúint ar ard-chaighdeán a chur ar fáil, seasamh leis an gcaighdeán is airde rialaithe, inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus sár-chaighdeán oibríochta a chinntiú. Tá na cuspóirí seo lárnach san fhís don bhliain 2026, le fócas ar fhorbairt leanúnach ár n-eagraíochta agus ar fheabhsú ár seirbhísí chun freastal ar riachtanais athraitheacha oideachais agus oiliúna ár mac léinn, ár bhfoghlaimeoirí, ár sochaí agus an gheilleagair i gcoitinne.

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na foirne i BOOCDCM, a n-ionchur, ar bhonn aonair agus le chéile, agus a ndúthracht leanúnach i leith BOOCDCM agus na pobail a ndéanann siad freastal orthu.



An Comhairleoir Paul O'Brien

Cathaoirleach BOOCDCM

Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM) an príomhsholáthróir do sheirbhísí oideachais agus oiliúna laistigh de Chill Dara agus Chill Mhantáin. Soláthraímid na seirbhísí sin do níos mó ná 25,000 duine gach bliain. Is é an príomhsholáthar a dhéanaimid ná in earnáil na scolaíochta, bunoideachas agus iar-bhunoideachas, agus sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (BO), agus Seirbhísí don Óige agus Aonad Oideachais Allamuigh. Chomh maith leis sin, déanaimid comhordú agus cuirimid ar fáil, tacaíocht do chláir ar nós Gineadh an Cheoil, Críochnú Scoile, agus do go leor tionscnaíochtaí oiliúna agus forbartha áitiúla eile, ina measc, cláir áitiúla a bhaineann leis an Tascfhórsa um Dhrúgaí agus Alcól. Déanann BOOCDCM comhordú chomh maith ar an obair ata ar siúl ag na Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (FROL), bunaithe agus maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ).

Cuidímid go dearfach le forbairt shocheacnamaíoch ár bpobal trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, cuimsitheacha agus foghlaimeoir-lárnacha a sholáthar. Tá KWETB fós tiomanta do sheirbhísí sofhreagracha, inbhuanaithe a sholáthar atá ailínithe le riachtanais foghlaimeoirí, pobail agus fostóirí laistigh de thimpeallacht atá ag teacht chun cinn. Déantar ár gcuid oibre a sheachadadh de réir na gcaighdeán is airde agus de réir an mhaoinithe a sholáthraíonn DEY, SOLAS, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, agus Ciste Sóisialta na hEorpa.

Leagann an Plean Seirbhíse seo amach na tosaíochtaí atá againn don bhliain 2026, agus ailíníonn sé le Straitéis Bainistíochta BOOCCM don tréimhse 2025-2029. Léiríonn na tosaíochtaí seo tuairimí na bpáirtithe leasmhara atá againn, agus freagraíonn siad do thírdhreach sóisialta, eacnamaíochta agus déimeagrafach Chill Dara agus Chill Mhantáin atá ag athrú i gcónaí. Táimid dírithe ar oideachas, oiliúint, agus seirbhísí don óige, a chur ar fáil, atá ar ard-chaighdeán, agus a bhfuil an dea-rialachas agus luach don airgead mar bhonn leo. Treoraíonn príomh-cholúin straitéiseacha an obair atá ar siúl againn, ina measc, teagasc agus foghlaim, tacaíocht agus forbairt do na hacmhainní daonna, barr feabhais oibríochta, an timpeallacht agus inbhuanaitheacht.

Tá BOOCDCM tiomanta comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn de réir ár ndualgas san earnáil phoiblí, mar atá leagtha amach san Acht um Chearta Daonna agus Comhionannas 2014. Tá na bunluachanna againn: ionchuimsitheacht, meas, comhionannas, macántacht, barrfeabhais agus pobal, mar bhonn le gach gné dár gcuid oibre. Lárnach sa chultúr eagraíochta againn, agus chun ár ndualgais reachtúla agus eiticiúla a chomhlíonadh, tá cumarsáid shoiléir agus cur i bhfeidhm leanúnach ar na luachanna seo.

Is é ár gcaiteachas measta don bhliain 2026 ná €242 milliún, ag tacú le fórsa oibre de thart ar 2,865, agus le soláthar seirbhísí do 3 Scoil Náisiúnta Pobal, 1 Scoil Speisialta, 23 Iar-bhunscoil, agus 25 Ionad BOO, atá ag freastal ar níos mó ná 17,000 foghlaimeoir agus tairbhí BOO.

Braitheann soláthar ráthúil na gclár agus na dtionscnaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Seirbhísí seo ar ghairmiúlacht, ar thiomantas agus ar dhíograis ár bhfoireann, Baill na mBord againn, agus ár bpáirtithe leasmhara. Gabhaim buíochas ó chroí leo as a gcuid oibre agus a ndíograis leanúnach chun deiseanna oideachais, oiliúna agus foghlama ar ard-chaighdeán a chur ar fáil ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin.

An Dr Deirdre Keyes
Príomhfheidhmeannach



Léargas Ginearálta ar BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM) ar an 1 Iúil 2013 faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá freagracht ar BOOCCM, laistigh dá théarmaí tagartha, as oideachas agus oiliúint a sholáthar ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Tá struchtúr corporáideach aige, le coiste ceaptha go daonlathach, “an Bord”, agus foireann bhainistíochta, “ an Coiste Feidhmiúcháin”.



Freastalaíonn BOO Chill Dara agus Chill Dara ar phobal de thart ar 403,625, sin timpeall 8% den daonra náisiúnta. Leagann sonraí ón daonáireamh béim ar fhás suntasach agus leanúnach sa daonra ar fud cheantar BOOCDCM, le fás 10.6% ón daonáireamh is déanaí, agus 16.3% le deich mbliana anuas, os cionn mheán an Stáit. Ó thaobh daonra de, tá BOOCDCM ar an dara BOO is mó fáis go náisiúnta, agus an ceathrú BOO is mó. Leis an gclaonadh fad-téarmach fáis seo tá sé feicthe gur fhás pobal BOOCDCM níos mó ná dhá uair ráta an mheáin náisiúnta ó 1981, ag léiriú go bhfuil éileamh láidir agus leanúnach ann do sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar fud an réigiúin.

Síneann an ceantar atá faoi stiúir BOOCCM ar fud chontaethe Chill Dara agus Chill Mhantáin, ag síneadh ó Charn an Bhua i nDeisceart Chill Mhantáin go Má Nuad i dTuaisceart Chill Dara. Sa cheantar seo tá idir thírdhreachanna éagsúla agus phátrúin phobail, ó thírdhreach nádúrtha maorga Shléibhte Chill Mhantáin agus machairí Chill Dara idir eatarthu. I ndobharcheantar BOOCDCM tá ionaid mhóra uirbeacha ar nós Má Nuad, an Nás, Bré agus na Clocha Liatha, chomh maith le go leor bailte agus sráidbhailte, agus cúlchríocha fairsing tuaithe le daonra ísealdlús. Cruthaíonn an meascán tíreolaíoch seo dúshláin agus deiseanna faoi leith i bpleanáil agus i soláthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus pobail sa dá chontae.

Tá aird faoi leith tugtha ag BOOCDM, de réir na bhfreagrachtaí atá air san earnáil phoiblí, don riachtanas leithcheal a dhíbirt, cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna na foirne, na bhfoghlaimeoirí agus na ngrúpaí, a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh, a chosaint.

Tá BOOCDCM réamhghníomhach maidir le Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, an tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta 2004, an Bille um Iontráil Scoile 2020, an tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018, an tAcht um Mhíchumas 2005, an

tAcht um Stádas Comhionann 2000-2018, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, ag tabhairt aird faoi leith ar chomhlíontacht maidir le cearta daonna agus dualgais chothromaíochta mar at le fail iontu.



Forléargas ar Sheirbhísí 2026

Tacaíonn agus Comhordaíonn BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin seirbhísí oideachais, oiliúna agus óige i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Cuirimid ar fáil, go sonrach, oideachas ag an mbun leibhéal, ag an dara leibhéal, ag leibhéal na hiar-Ardteistiméireachta, maraon le printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, seirbhísí don óige, ceol, breisoideachas agus oiliúint pobal, allamuigh agus aosach. Soláthraímid seirbhísí den chéad scoth, a dhéanann freastal ar riachtanais gach foghlaimeoir sa phobal againn.



Feidhmíonn BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin trí cheithre stiúrthóireacht - Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint (BO), agus dhá stiúrthóireacht laistigh de Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE).

Tá BOOCDCM mar phátrún ar:

- **23** Iar-bhunscoil
- **3** Scoileanna Náisiúnta Pobail
- **1** Scoil Speisialta d'fhoghlaimeoirí le Neamhord de chuid Speictream an Uathachais, agus Riachtanais Chasta.
- **25** Lárionaid BOO
- **2** Choláiste do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Comhphátrún ar **6** Scoil Phobail
- Freastal ar bheagnach **33,877** mac léinn agus foghlaimeoir de gach aois, ag leibhéil éagsúla, ar fud phobail Chill Dara agus Chill Mhantáin.
- Thart ar **17,128** foghlaimeoir i mbun breisoideachais gach bliain, agus eisítear thart ar 9,640 deimhniú QQI
- Níos mó ná **2,865** duine fostaithe i bpobail Chill Dara agus Chill Mhantáin.

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Tacaíonn lucht stiúrthóireachta TFE, faoi stiúir ag beirt stiúrthóir, le hobair na scoileanna agus le BOO trí sheirbhísí riachtanacha riaracháin agus oibríochta a chur ar fáil, chomh maith le treoir bhainistíochta agus straitéiseach, ag cinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar gach feidhmeannas.

Is é cuspóir foireann TFE i BOOCDCM ná seirbhísí éifeachtacha a chur ar fáil a shásaíonn riachtanais na ndaoine sin a bhfuilimid ag freastal orthu, agus a bhfuil cleachtais an dea-rialachais mar bhonn leo. Tá TFE freagrach as réimsí tábhachtacha, ina measc, AC, Airgeadas, Seirbhísí Corporáideacha, TFC, Foirgníocht agus Earcaíocht.

Foireann Fheidhmiúil	Seirbhísí
Acmhainní Daonna (AD)	Earcaíocht Párolla Aonad na bPinsean Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Bainistíocht Saoire Leithdháiltí & Úsáid Polasaithe agus Nósanna Imeachta Pearsanra Rialú agus Bainistíocht ar Chonarthaí Foirne Caidreamh idir Fostóirí agus Fostaithe & Cumarsáid Caidreamh Tionsclaíoch
Seirbhísí Corparáideacha, Rialachas agus Cumarsáid	Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí Árachais Sláinte agus Sábháilteacht (Corparáideach) Seirbhís do Chustaiméirí, Post, Fáiltiú, Íocaíochtaí Ginearálta Rialachas Corporáideach & Comhlíonadh Cúrsaí Corporáideacha (Seirbhísí Boird, Tacaíocht don bPF, Brandáil Chorporáideach, Bainistíocht an tSuímh Ghréasáin)
Airgeadas	Íocaíochtaí Creidiúnaithe lena n-áirítear íocaíochtaí Conraitheoirí Oiliúna Taisteal agus Cothú Admhálacha Buiséadú agus leithdháileadh airgeadais ar scoileanna, ionaid agus oifigí Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Iniúchtaí An Státchiste Tuairisceáin agus Iniúchtaí CSE Maoiniú do Thionscadail um Chuimsiú Sóisialta Íocaíochtaí VTOS/Ógtheagmháil/Liúntas Oiliúna Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais Bainistíocht Sócmhainní
Teicneolaíocht Faisnéise Agus Cumarsáide (TFC)	Tacaíocht agus comhairle Eagraíochta TFC do Scoileanna, Breis Oideachais agus Oiliúna, agus suíomhanna TFE. Slándáil TFC Soláthar Polasaí TFC do sheirbhísí uile TFC Tacaíocht Ghréasáin, Chrua-Earraí, agus Néil Bainistíocht Chuntais Úsáideoirí agus Gléasanna Riarachán Office 365
An Clár Inbhuanaitheachta Caipitil agus Fuinnimh agus Soláthar	Soláthar Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht Oifig Bainistíochta an Chláir Chaipitil Foirgnimh agus Maoin

Scoileanna

Cuireann BOOCDCM seirbhísí oideachais ar fáil ar fud na bunleibhéil agus na hiar-bhunscoile ar fud chontaetha Chill Dara agus Chill Mhantáin. I gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, tá KWETB freagrach as seirbhísí oibre don aos óg a sholáthar, a chomhordú, a riaradh agus a mheasúnú i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Faigheann Seirbhísí Oibre don Aos Óg tacaíocht ó bheirt Oifigeach Óige a oibríonn faoi stiúrthóireacht na Scoileanna.



Breisoideachas agus Oiliúint (BO)

Déanann SOLAS maoiniú go príomha ar BOO le buiséad bliantúil de thart ar €39.455 milliún. Soláthraíonn BOO réimse leathan clár breisoideachais agus oiliúna ar fud 25 ionad i gCill Dara agus i gCill Mhantáin. Tacaíonn na cláir seo le foghlaimeoirí ilghnéitheacha, ag cur conair ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh san oideachas, ag déanamh forbairt ar scileanna do mhargadh an tsaothair, agus rannpháirtíocht shóisialta, ag cabhrú le daoine na scileanna agus an t-eolas atá riachtanach chun maireachtáil agus bheith ag obair i sochaí nua-aimseartha a bhaint amach.



Déanfar soláthar BOO sa bhliain 2026 a chur ar fáil ailínithe le Straitéis BOO 2026-2030, agus cur i bhfeidhm leanúnach mhúnla Choláiste BOO, ag cinntiú go bhfuil córas ciallmhar, foghlaimeoir-lárnach agus dírithe ar thorthaí ann, ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Déanfar soláthar a phleanáil agus a chur ar fáil de réir catagóirí cúrsaí aontaithe go náisiúnta, ag tacú le forbairt scileanna, dul chun cinn, ionchuimsitheacht agus aontacht pobal, agus ag an am céanna ag freagairt don éileamh réigiúnda do mhargadh an tsaothair, agus don fhás déimeagrafach.

Déantar maoiniú ar sholáthar BOO trí bhun-mhaoiniú agus maoiniú straitéiseach ar infheistíocht, go príomha ó SOLAS. Tacaíonn bun-mhaoiniú le soláthar foirne, rialachas, dearbhú cáilíochta, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí, córais dhigiteacha, agus feidhmiú éifeachtach ionaid BOO, agus tacaíonn maoiniú straitéiseach ar infheistíocht le sprioc-thionscníochtaí, ina measc scilbhisiú ar an lucht saothair, bearta ionchuimsitheachta, tionscnaimh nuálaíochta, gníomhú ar son na haeráide, agus forbairt ar shain-scileanna. Dáiltear maoiniú de réir chomhaontaithe feidhmíochta agus tosaíochtaí polasaithe náisiúnta.



Déanfar soláthar BOO a eagrú agus a thuairisciú faoi na catagóirí clár seo a leanas, atá ailínithe go náisiúnta. Tá na cláir a chuireann Seirbhís Breisoideachais BOOCCM ar fáil léirithe faoi gach catagóir:

- **Dul Chun Cinn Fostaíochta** – Soláthar a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le foghlaimeoirí scileanna agus cáilíochtaí a bhaint amach atá riachtanach chun bogadh isteach san fhostaíocht nó dul chun cinn breise a dhéanamh ina slite beatha, de réir riachtanais réigiúnda scileanna.
    - **Printíseacht** - Riarachán a dhéanamh ar phrintíseachtaí i réigiún BOO agus soláthar díreach a dhéanamh ar phrintíseachtaí ceirde agus neamh-cheirde.
    - **Oiliúint do Scileanna faoi leith** - Cláir dírithe ar dhaoine fásta a oiliúint chun bearnaí i scileanna aitheanta faoi leith a líonadh.
    - **Cúrsaí Oiliúna** – clár foghlama, bunaithe ar an obair, do dhaoine fásta ar mhian leo ath-oiliúint nó scilbhisiú a dhéanamh.
- **Foghlaim san Fhostaíocht** –Soláthar ag tacú le daoine san obair chun scilbhisiú nó athsciliú a dhéanamh trí oiliúint, le rannpháirtíocht an fhostaitheora, chun freastal ar riachtanais an fhórsa oibre.
    - **Scileanna chun dul chun cinn a dhéanamh** – clár d'fhoghlaimeoirí fostaithe ó L3 go L6 den

- **Conair –** soláthar a thacaíonn le foghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh isteach sa bhreisoideachas, san oiliúint, nó san fhostaíocht, trí fhoghlaim structúrtha, céim ar chéim**.**
    - **Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)** – clár do dhaoine fásta atá dífhostaithe, agus ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh, ar mian leo dul faoi athoiliúint agus/nó scilbhisiú, chun cur lena ndeiseanna fostaíochta, atá ar fáil ag Leibhéal 3-6 ar an CNC
    - **An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas** – Clár páirtaimseartha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, ag tairiscint clár ag Leibhéal 3-6 ar an CNC
    - **Traschóiriú agus Bunú**- Cláir do dhaoine fásta ar mian leo scilbhisiú ag Leibhéal 3 agus 4 ar an CNC
- **Seirbhís um Threoir san Oideachas Aosach** – seirbhís a chuireann treoir don oideachas agus do shlite beatha, agus roinnt comhairleoireachta, ar fáil do dhaoine fásta.
- **Litearthacht don Saol do Dhaoine Fásta** - clár páirtaimseartha, lonnaithe sa phobal,a thacaíonn le daoine fásta atá ag filleadh nó ag leanúint ar aghaidh leis an oideachas.
- **Soláthar Oideachais Pobal don Óige** – tacaíonn sé le daoine óga chun a gcuid oideachas a chríochnú, scileanna a bhaint amach, agus leanúint orthu chuig an mbreisoideachas, printíseachtaí, nó fostaíocht.
    - **Ógtheagmháil** – clár lánaimseartha, dhá bhliain, dóibh siúd a fhágann an oideachas go luath (16-21 bliana d'aois) ag dul i dtreo Leibhéal 3 nó 4 CNC
    - **Seirbhís Aighneachta** – Treoir do shlite beatha agus don oideachas, agus seirbhís comhairleoireachta do dhaoine a fhágann an scoil go luath, idir 16 agus 21 bliana d'aois.
- **Gluaiseacht isteach san Ardoideachas** – clár a ullmhaíonn foghlaimeoirí chun bogadh ar aghaidh chuig an ardoideachas trí na scileanna, cáilíochtaí agus tacaíochtaí a fhorbairt atá riachtanach chun aistriú ráthúil a dhéanamh.
    - **Teastas Iar-Ardteistiméireachta (TIA)** – clár lánaimseartha cuimsitheach ag Leibhéal 5 agus 6 den CNC, do dhaoine óga a bhfuil an scoil fágtha acu, agus d'fhoghlaimeoirí fásta.
    - **Cláir Treasacha** – conair ón mBreisoideachas agus Oiliúint (BOO) chuig an Ardoideachas, ag ceadú do mhic léinn bogadh go héasca i dtreo céim iomlán Baitsiléara a bhaint amach. Tá na cláir seo deartha agus curtha ar fáil ag na Boird Oideachais agus Oiliúna, agus ag Institiúidí Ardoideachais, le chéile, ag cur conair shaoráideacha ar fáil ó BOO chuig an Ardoideachas.
- **Sain-Soláthar Lánroghnach** – cláir dhírithe chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí, áitiúla, nó tionscail faoi leith.
    - **Clár do Dhídeanaithe** – clár teanga agus treoshuímh chun tacú le cónaitheoirí fásta in Ionad Éigeandála Fáiltithe agus Treoshuímh Ostán Hazel.

- **Oideachas sa Phríosún** – soláthar an oideachais i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosún na hÉireann i bPríosún Oscailte Mhainistir Shelton, an tInbhear Mór.
- Tacaíocht agus Riarachán ar **Sheirbhísí agus Gineadh Ceoil** i gCill Dara agus i gCill Mhantáin
- **Clár Oiliúna faoi leith do Dhaoine faoi Mhíchumas** – clár lánaimseartha, faoi chonradh, do dhaoine fásta, faoi mhíchumas, nó le riachtanais eile, ar mian leo tabhairt faoi scilbhisiú nó faoi athoiliúint

Tá sé i gceist go dtacóidh soláthar atá dírithe ar an bhfórsa oibre, trí Dhul Chun Cinn san Fhostaíocht agus Foghlaim san Fhostaíocht, le **6,800** foghlaimeoir, agus ag an am céanna, beidh Conair, Soláthar don Óige, Oideachas Pobal agus Litearthacht don Saol do Dhaoine Fásta, ag obair le **8,560** foghlaimeoir. Tá sé measta go dtacóidh printíseachtaí le timpeall **1,550** foghlaimeoir, le níos mó rannpháirtíochta i sainchláir Dul Chun Cinn san Ardoideachas.Déanfar monatóireacht ar líon na bhfoghlaimeoirí, agus déanfar iad a shocrú tríd an gcomhaontú bliantúil um phleanáil agus fheidhmiú.

Príomh-thosaíocht eile don bhliain 2026 ná neadú níos láidre a dhéanamh ar bhrandáil Choláistí BOO i ngach soláthar agus i ngach ionad, ag cruthú aitheantas soiléir comhsheasmhach foghlaimeora, conair dul chun cinn níos soiléire, agus rochtain níos fearr ar eolas. Chun é seo a bhaint amach beidh cumarsáidí comhordaithe, comharthaíocht ailínithe, ardáin dhigiteacha níos fearr, agus ailíniú eagraíochta níos láidre ar fud na gcampas agus na n-ionad – ag cur BOO os comhair an tsaoil mar chóras comhtháite amháin, a chaomhnaíonn buanna áitiúla ag an am céanna.

Déanfaidh gach soláthar tosaíochtaí crosghearrtha a neadú, ina measc, dearbhú cáilíochta, soláthar digiteach agus cumasctha, gníomhú ar son na haeráide, comhionannas agus ionchuimsitheacht, agus ranpháirtíocht an fhostaitheora. Cruthóidh siad seo dearadh, soláthar agus measúnú na gclár chun a chinntiú go mbaineann siad le hábhar, agus mar fhreagra ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na fiontraíochta agus an phobail.

Déanfar maoirseacht ar sholáthar an Phlean Seirbhíse trí rialachas seanbhunaithe agus comhaontuithe feidhmíochta, le monatóireacht rialta ar rannpháirtíocht, ar dhul chun cinn, ar chaighdeán agus ar fheidhmiú airgeadais chun tacú le freagracht agus le feabhas leanúnach.

Tá an teimpléad do Sholáthar Seirbhíse BOO 2026 curtha isteach ag lch 38 den Aguisín.

Clár BOO	Tairbhithe
Ionchuimsiú Páirtaimseartha Breisoideachais	1,675
BCTE – Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile	2,372
Breisoideachas páirtaimseartha	3,695
Breisoideachas lánaimseartha	441
Ógtheagmháil	446
Clár Scileanna le haghaidh Dul Chun Cinn	2,180

Oiliúint lena n-áirítear tréimhse oiliúna	2,305
PFG - Pobal Foghlama Gairmiúla	2,709
Maoiniú Eile	305
Iomlán 2025	17,128

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Léarscáil de Siochana agus Seirbhísí KWETB

Léarscáil BOOCDCM de Sheirbhísí Oideachais agus Oiliúna



BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Ráiteas Straitéise 2025 – 2029

Tá sé mar **Fhís** againn oideachas, oiliúint, seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí don óige atá ar ard-chaighdeán, ionchuimsitheach, nuálaíoch, a chur ar fáil. Táimíd tiomanta barrfeabhas a chur chun cinn i ngach rud a dhéanaimid, agus a bheith mar cheannaire ag leibhéal an phobail agus ag an leibhéal náisiúnta, faoi threoir ag na ráitis um bhunluachanna atá againn.

Chun tacú leis an ndualgas san earnáil phoiblí, aithníonn BOOCDCM a thábhachtaí is atá sé cultúr measa a chruthú, atá ag teacht leis na bunluachanna atá aige, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.



Leagann Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2025-2029 cuspóirí ard-leibhéal amach do BOOCDCM, a bhfuil na ceithre cholún atá againn maidir le tosaíochtaí straitéiseacha mar bhun leis;

1. **Teagasc agus Foghlaim**
2. **Tacaíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna**
3. **Barr Feabhais Oibríochtúil**
4. **Comhshaol agus Inbhuanaitheacht**

Tacaíonn an ceithre cholún seo leis an gcaighdeán is airde teagaisc agus foghlama a sholáthar, ar bhealach atá ionchuimsitheach, dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus nuálaíoch. Tá BOOCDCM tiomanta gréasáin ghairmiúla a fhorbairt, ag tairiscint oiliúint scileanna, agus ag soláthar cláir fhorbartha chuimsitheacha don fhoireann, agus ag an am céanna ag cothú timpeallacht oibre atá tacúil, dearfach agus ionchuimsitheach do gach aon duine.

Leanfaidh BOOCDCM ag beachtú a chuid oibríochtaí chun tacú lena mhandáid, lena mhisean agus lena chuspóirí straitéise, ag cinntiú éifeacht, rialú láidir, freagracht shoiléir, agus cinnteoireacht thrédhearcach. Táimid tiomanta chomh maith don inbhuanaitheacht, trí chleachtais atá freagrach i leith na timpeallachta a neadú sna háiseanna agus na seirbhísí atá againn, ag laghdú tionchar ar an dtimpeallacht, ag cur éifeacht maidir le hacmhainní chun cinn, agus ag tacú le tionscnaíochtaí a chuireann le todhchaí níos glaise.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach leis an bhfoireann, le foghlaimeoirí agus le pobail mar bhonn leis an dtiomantas seo i maoirseacht na timpeallachta.

ÁR BHFÍS

Chun oideachas, oiliúint, seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí don óige a sholáthar atá re ard-chaighdeán, ionchuimsitheach agus nuálach. Chun barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid agus a bheith chun tosaigh ag leibhéal an phobail agus ag an leibhéal náisiúnta.

Chun oideachas, oiliúint, seirbhísí don óige agus tacaíocht ar ard-chaighdeán agus nuálach a sholáthar, atá inrochtana, ag freagairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, an phobail agus na sochaí, atá ag fás, agus a chuireann barr feabhais, cothromaíocht agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn.

ÁR MISEAN

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Ráiteas Straitéise

www.kwetb.ie

Comhaontú um Sholáthar Feidhmíochta agus Tosaíochtaí Straitéiseacha don Bhliain 2026

Ainmníodh spriocanna agus tosaíochtaí tríd an gComhaontú um Sholáthar Feidhmíochta (CSF) idir an Roinn Oideachais agus Óige agus BOOCDCM, taobh leis na Tosaíochtaí Straitéiseacha atá againn don bhliain 2026. Léirítear na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun na tosaíochtaí seo a thabhairt chun críche, maraon leis na táscairí agus spriocanna feidhmíochta, anseo thíos.

Tá 4 príomh-réimse ag BOOCCM ó thaobh Tosaíochtaí Straitéiseacha de, ainmnithe in ár Ráiteas Straitéise 2025-2029. Déanann na príomh-cholúin seo maidir le Tosaíochtaí Straitéiseacha eolas do na spriocanna straitéiseacha atá againn féin don bhliain 2026.
Is iad an 4 réimse ná:

Colún na Tosaíochta Straitéisí	Tuairisceoir
Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí	Táimid tiomanta don mbarr feabhais i dteagasc agus i bhfoglaim trí chur chuige atá ionchuimsitheach, nuálach, agus dírithe ar an bhfoghlaimeoir. Trí sheasamh leis na caighdeáin is airde, tacaímid le foghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach, agus ag an am céanna ag freagairt do riachtanais pobal, eacnamaíochta agus sochaí atá ag teacht chun solais an t-am ar fad. Leanfaimid orainn ag cur leis na caighdeáin, ag cothú éiteas agus taithí foghlama faoi leith scoileanna agus ionaid BOOCDCM.
Tacaíocht agus Forbairt sna hAcmhainní Daonna	Suífimid BOOCDCM mar phríomh-fhostaitheoir san earnáil phoiblí, trí fhoireann oilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád. Fréamhaithe go daingean sna luachanna atá againn, cuirfimid timpeallacht oibre atá dearfach, measúil, agus ionchuimsitheach chun cinn. Trí fhorbairt ghairmiúil, agus tacaíocht, cuirfimid ar chumas na foirne barr feabhais a bhaint amach, agus cur le timpeallacht foghlama agus oibre atá comhoibríoch.
Barr Feabhais Oibríochta	Beachtóimid na hoibríocha againn chun éifeacht, trédhearcthacht, agus freagracht a chinntiú inár n-iarrachtaí ár spriocanna reachtúla, údarásacha agus straitéiseacha a bhaint amach. Le rialachas láidir, bainistíocht acmhainní freagrach, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, spreagfaimid feabhas leanúnach agus soláthar seirbhísí ar ard-chaighdeán.

Timpeallacht agus Inbhuanaitheacht	Déanfaimid inbhuanaitheacht a chomhtháthú i ngach gné d'ár gcuid oibre, ag cinntiú go mbíonn cleachtais atá freagrach ó thaobh na timpeallacht in úsáid. Agus muid tiomanta an tionchar atá againn ar an dtimpeallacht a laghdú, éifeacht in úsáid acmhainní a chur chun cinn, agus tacú le spriocanna inbhuanaitheachta náisiúnta agus domhanda, meallfaimid an fhoireann, na foghlaimeoirí agus na pobail, go gníomhach, chun todhchaí níos glaise a fhorbairt.

Comhaontú um Sholáthar Feidhmíochta (CSF) Cuspóir 1 agus 2: **Cuir barr feabhais ar Eispéireas agus Cláir Chosanta an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora**

Naisc chuig Ráiteas Straitéise BOOCDCM (RS) 2025-2029: **Tosaíocht Straitéise 1 – Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí**

Tosaíocht Straitéise 1: **Teagasc, Foghlaim agus Foghlaimeoirí**

Táimid tiomanta barr feabhais a bhaint amach sa teagasc agus san fhoghlaim trí chur chuige atá ionchuimsitheach, nuálach, agus foghlaimeoir-lárnach. Trí sheasamh leis na caighdeáin is airde, tacaímid le foghlaimeoirí barr a gcumas a bhaint amach, fhad is a bpléimid le riachtanais pobal, eacnamaíoch agus an tsochaí, atá ag teacht chun solais. Leanfaimid orainn de bheith ag cur feabhais ar ár gcaighdeáin de shíor, ag cothú éiteas agus taithí foghlama ar leith scoileanna agus ionaid BOOCDCM.

CSF = Comhaontú um Sholáthar Feidhmíochta RS = Ráiteas Straitéise

Tosaíocht	Gníomhaíocht	Comhartha Feidhmíochta	Cuspóir
CSF Cuir barr feabhais ar Eispéireas an Mhic Léin/ an Fhoghlaimeora: Cuir eispéireas foghlama dearfach ar fáil do gach foghlaimeoir, ina meas foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe.	1. Cinntigh go bhfuil na bunluachanna neadaithe inár scoileanna ar fad	1. Tuiscint níos fearr ar na Bunluachanna atá againn inár scoileanna, ár gcuid mac léinn, ár dtuismitheoirí, na boird bhainistíochta atá againn agus ár bpáirtithe leasmhara	1. Comhordaitheoir éitis agus obair éitis a bheith i ngach scoil de chuid BOOCCM.

	2. Déan soláthar ar phlean seirbhíse BOO do 2026 mar a aontaíodh le SOLAS, agus mar atá leagtha amach in aighneacht insinte na nIarratais um Leithdháileadh Maoinithe (ILM) , agus bunachar ar líne ITLM	2. Plean Seirbhíse BOO do 2026 a chur i bhfeidhm mar atá léirithe i dtuairiscí eatramhacha agus bliantúla CTCF.	2. 80% de thairbhithe réamh-mheasta thar na gclár go léir
	3. Tacaigh le rannpháirtíocht foghlaimeoirí BOO de chuid BOOCDCM san Fhóram Náisiúnta Foghlama agus san Fhóram Réigiúnach Foghlama	3. BOO rannpháirteach sna fóraim, ag cur le forbairt an pholasaí náisiúnta agus ag cur 'guth an fhoghlaimeora' in iúl.	3. 90% de na háiteanna atá ar fáil a bheith líonta ag foghlaimeoirí de chuid BOOCDCM ag fóraim náisiúnta agus réigiúnacha.
	4. Tacaigh le pleanáil agus cur i bhfeidhm an Chláir Críochnaithe Scolaíochta (CCS) agus Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) ar fud scoileanna DEIS. Tá BOOÉ agus BOOCDCM ag obair faoi láthair leis an Roinn Oideachais agus Óige agus le Seirbhís Tacaíochta Tusla chun tacú le creat nua fostaíochta a bhunú do lucht oibre an Chláir Críochnaithe Scolaíochta.	4. Rannpháirtíocht ghníomhach i gcoistí Bainistíochta CCS agus le Comhordaitheoirí TBSP, i bpleanáil oibre agus in athbhreithniú ar an obair. Rannphairtíocht ghníomhach le Comhordaitheoirí TBSP. Tógfar na céimeanna riachtanacha chun aistriú CCS go BOOCDCM a éascú de réir clár ama thionscnaimh An Roinn Oideachais agus Óige	4. Rátaí níos airde maidir le freastal scoile agus cláir/tacaíochtaí do mhic léinn i mbaol. Cuir feabhas ar leanúnachas, freagracht, agus inbhuanaitheacht fadtéarmach i soláthar tacaíochtaí don CCS ag an leibhéal náisiúnta.

	5. Lean de bheith ag cur na moltaí ó thuairisc iniúchta DEIS i bhfeidhm 6. Tabhair tacaíocht do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais	5. Athbhreithnithe gníomhacha agus rianú ar gach Iniúchadh a bhaineann le scoileanna DEIS. 6. An soláthar a mhéadú trí níos mó ranganna speisialta, agus áiteanna i Scoileanna Speisialta, a chur ar fáil, de réir leithdháileadh acmhainní an Roinn Oideachais agus Óige.	5. Móltaí ó na hiniúchtaí á gcur i bhfeidhm go hiomlán. 6. Soláthar a mhéadú do mhic léinn le riachtanais speisialta oideachais.
Tosaíocht	**Gníomhaíocht**	**Comhartha Feidhmíochta**	**Cuspóir**
CSF Cuir barr feabhais ar Eispéireas an Mhic Léin/ an Fhoghlaimeora: Tacaigh le mic léinn/ foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste san oideachas de réir an pholasaí náisiúnta reatha	1. Pleananna gníomhacha DEIS i ngach scoil DEIS de chuid BOOCDCM. 2. Foirne le Tacú le Mic Léinn bunaithe i ngach scoil de chuid BOOCDCM 3. Tionscnaíochtaí, treoir agus nósanna imeachta, atá soiléir ó thaobh tacaíocht agus sláinte na mac léinn de, a bheith sna	1. Pleananna DEIS atá praiticiúil, bríomhar agus bunaithe ar an fhianaise. 2. Foirne Scoile gníomhacha um Thacaíocht agus Chúram a bheith i bhfeidhm. 3. Tionscnaíochtaí maidir le Tacaíocht agus Sláinte na Mac Léinn a bheith gníomhach agus foilsithe i scoileanna agus in	1. Chun feabhas a chur ar fhreastal agus ar ghaiscí na mac léinn inár scoileanna DEIS ar fad, agus aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáistí oideachasúla. 2. Na Foirne um Thacaíocht Scoile a gcuspóirí a bhaint amach don bhliain 2026, agus feabhas ginearálta i gcoinneáil mac léinn. 3. Rochtain, coinneáil agus dul chun cinn feabhsaithe. Pléitear le fadhbanna a thagann chun solais ar

	scoileanna de réir riachtanais an Roinn Oideachais agus Óige.	Ógtheagmháil, le feasacht agus tuiscint láidir i measc na mac léinn. Rochtain ar threoirchomhairleoirí i scoileanna agus ionaid BOO.	bhealach éifeachtach agus go pras. Tá rochtain ag gach mac léinn ar thacaíocht treorach agus na Pleananna maidir le Treoir Scoile Uile (TSU)
	4. Lean de bheith ag tacú le soláthar agus le forbairt leanúnach ar chláir fhreagrúla BOO, d'fhoghlaimeoirí a d'fhág an scoil go luath, atá faoi mhíbhuntáiste san oideachais, agus ó ghrúpaí tosaíochta, ina measc, iad siúd atá faoi mhíchumas, baill den Lucht Siúil, iarrthóirí tearmainn, teifigh, imircigh, agus iad siúd atá ag fulaingt ó mhíbhuntáiste tuaithe nó uirbeach.	4. Na cláir a sholáthar do spriocghrúpaí. Rannpháirtíocht le fóraim chontae agus náisiúnta maidir le hionchuimsitheacht.	4. Cuspóirí i bPlean Seirbhíse BOO don bhliain 2026 bainte amach.
	5. Lean de bheith ag bunú agus ag déanamh forbairt ar Ranganna Speisialta i scoileanna agus i gcoláistí BOO.	5. Oscail ranganna nua oideachais speisialta i gcomhairle leis an ERSO, agus leis an Roinn Oideachais agus Óige	5. Méadú ar rollú, ar sholáthar agus ar leithdháileadh RSO inár scoileanna.
	6. EDI Working Group. Lean de bheith ag cur moltaí Ghrúpa Oibre CÉI i bhfeidhm.	6. An fhoireann a bheith ar an eolas faoina nDualgas san Earnáil Phoiblí.	6. Comhlíontach ó thaobh ár nDualgas san Earnáil Phoiblí de.

Tosaíocht	Gníomhaíocht	Comhartha Feidhmíochta	Cuspóir
CSF Cuir barr feabhais ar Eispéireas an Mhic Léin/ an Fhoghlaimeora: Cinntigh go bhfuil gach beart riachtanach ó thaobh cosaint leanaí de i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.	1. Lean de bheith ag cinntiú go bhfuil gach beart riachtanach ó thaobh cosaint leanaí de i bhfeidhm do gach foghlaimeoir BOO faoi ocht mbliana déag d'aois. 2. Gach scoil ag cur ceanglais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí (leasaithe 2025) do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh 2026 3. Dearbhaigh go bhfuil na nósanna imeachta cuí maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025	1. Reáchtálann BOOCDCM Coiste uileghabhálach um Chosaint Leanaí. 2. Polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm in ionaid agus i seirbhísí agus á dtuairisciú de réir riachtanais an Rialtais. 3. Dearbhú le tabhairt ag gach scoil go bhfuil siad comhlíontach leis na nósanna imeachta um Chosaint Leanaí, agus seicliostaí le forbairt acu de réir treoracha na Cigireachta um Chosaint Leanaí.	1. Coiste Maoirseachta um Chosaint Leanaí i bhfeidhm. 2. Comhlíontacht iomlán le polasaithe, nósanna imeachta agus freagrachtaí dlíthiúla. 3. Moltaí ó thuairiscí ar chigireacht leanaí i bhfeidhm.
CSF Cuir barr feabhais ar Eispéireas an Mhic Léin/ an Fhoghlaimeora: A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint	Gach scoil ag cur ceanglais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí (leasaithe 2025) do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna i	Polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm in ionaid agus i seirbhísí agus á dtuairisciú de réir riachtanais an Rialtais.	Comhlíontacht iomlán le polasaithe, nósanna imeachta agus freagrachtaí dlíthiúla.

Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.	bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh 2026		
Tosaíocht	**Gníomhaíocht**	**Comhartha Feidhmíochta**	**Cuspóir**
CSF Clár Cosanta: Cabhraigh leis an Roinn Oideachais agus Óige, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár na hÉireann um Chosaint Teifeach, agus soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.	Tá comhordaitheoir FROT i bhfeidhm ag BOOCCM. Tá BOOCDCM ina pháirtí gníomhach le gníomhaireachtaí eile chun seirbhísí cuí a chur ar fáil do theifigh agus do d'iarrthóirí tearmainn.	Imeascadh agus dul chun cinn chuig bunoideachas, meánoideachas, Ógtheagmháil agus breisoideachas d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta.	Tacaíocht do gach iarratasóir agus áit tugtha dóibh i gcláir oideachais chuí.
Tosaíocht	**Gníomhaíocht**	**Comhartha Feidhmíochta**	**Cuspóir**
Cuirfidh croí-mhaoiniú taca faoi ghníomhaíochtaí riachtanacha um dhearbhú cailíochta, agus tacóidh sé le comhlíontacht le riachtanais rialála. Neartóidh sé cumas na heagraíochta pleanáil straitéiseach a dhéanamh, agus bainistíocht ar shonraí agus ar fheidhmíocht, ag cinntiú go gcuirtear cláir agus seirbhísí ar ard-chaighdeán ar fáil. I measc na bhforbairtí beidh tógáil inniúlachta maidir le forbairt clár, foghlaim chumaisc shionchronach, agus intleacht shaorga, ag cabhrú le foirne cláir a dhearadh, agus athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh orthu, de réir riachtanais, a thagann chun solais, ó fhoghlaimeoirí, ó thionscal agus ón phobal i gcoitinne. Cinnteoidh sé seo gur soláthar reatha, bainteach le hábhar agus freagrúil i leith éileamh scileanna atá ag athrú, atá ann. Cabhraíonn sé seo leis an mBord Oideachais agus Oiliúna rialachas láidir a choinneáil, tacú le próisis teastasaithe, agus a chinntiú gur soláthar leanúnach atá ann ailínithe le caighdeáin náisiúnta.

Tacaíochtaí Lárnacha Eile:

Mar bhreis ar thacaíochtaí díreacha d'fhoghlaimeoirí agus d'áiseanna, coinneoidh bunmhaoiniú bonn airgeadais seasmhach agus intuartha d'éifeacht iomlán eagraíochta. Cuirfidh sé acmhainní ar fáil do struchtúir rialachais agus ceannaireachta, soláthar foirne, córais dhigiteacha, agus cumarsáid chomhordaithe. Cabhróidh an maoiniú seo chomh maith le brandáil Choláiste BOO a neadú thar gach réimse soláthair, ag tacú le hailíniú eagraíochta agus forbairt ar fhéiniúlacht shoiléir, straitéiseach agus aontaithe.

Maoiniú do Sholáthar BOO do Scileanna an Fhórsa Oibre Forbairt & Claochló

(Dul chun cinn Fostaíochta, Foghlaim san Fhostaíocht)

Foghlaim maidir le Dul Chun Cinn Fostaíochta:

Tacóidh maoiniú le soláthar do Dhul Chun Cinn Fostaíochta do thart ar 3,500 foghlaimeoir, ag cabhrú le scilbhisiú agus athoiliúint sonraithe ailínithe le hearnálacha tosaíochta agus riachtanais an mhargaidh fostaíochta. San áireamh anseo tá cláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha á soláthar a bhfuil baint acu leis an dtionscalaíocht, chomh maith le micreacháilíochtaí atá ceangailte go díreach le riachtanais na tionscalaíochta, ag cinntiú gur féidir le foghlaimeoirí dul díreach isteach san fhostaíocht nó dul chun cinn a dhéanamh laistigh den earnáil atá roghnaithe acu. Cabhróidh maoiniú chomh maith le forbairt agus uasdátú ar churaclaim atá ailínithe leis an dtionscalaíocht, neartú ar rannpháirtíocht an fhostóra, agus tacú le cur chuige modúlach agus

soláthar cumaisc. Cinntíonn sé seo go ngnóthaíonn foghlaimeoirí scileanna atá bainteach le hábhar, agus reatha, a thacaíonn le dul chun cinn agus luaineacht eacnamaíochta.

Sonraí an Chláir:

Cuireann Foghlaim don Fhostaíocht réimse cuimsitheach cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil, i ngairm-scileanna agus tras-scileanna, atá deartha chun foghlaimeoirí dífhostaithe a ullmhú chun athiontráil le brí a dhéanamh ar mhargadh na hoibre. Clúdaíonn an phunann príomh-earnálacha fáis, ina measc, tacaíocht le cúram sláinte, foghlaim agus cúram na luath-óige, cúram pobail, riarachán gnó, TFC, fáilteachas, turasóireacht, gairneoireacht, teicneolaíochtaí déantúsaíochta, agus staidéar sóisialta feidhmeach. Déanann foghlaimeoirí forbairt ar inniúlachtaí atá ailínithe leis an dtionscalaíocht, trí chláir ar nós: Scileanna Gairmiúla do Chúntóirí Cúraim Sláinte, Cúntóireacht Riachtanas Speisialta, Foghlaim agus Cúram don Luath-Óige, Riarachán Oifige, Turasóireacht agus Gnó, Próiseáil Eolais, agus Modúil Dhigiteacha agus bainteach le IS. Tógann na cúrsaí seo inniúlacht oibre, ag neartú éifeacht phearsanta, cumarsáid, ullmhacht don obair, agus pleanáil ghairme.

Cuireann BOOCDCM cúrsaí oiliúna struchtúrtha ar fáil a bhfuil sé mar aidhm acu scileanna teicniúla réidh don obair, a bhaineann leis an dtionscalaíocht, a thabhairt d'fhoghlaimeoirí dífhostaithe, mar chonair chuig an ard-déantúsaíocht agus róil innealtóireachta. Tairgíonn an tArd-Chúrsa Oiliúna do Theicneolaí Déantúsaíochta, agus an bonnchlár a théann leis, oiliúint fheidhmeach i réimsí ar nós uathoibriú tionsclaíoch, buneolas róbataic, córais leictreacha, agus timpeallachtaí déantúsaíochta beaichte. Faigheann foghlaimeoirí taithí theagmhálach trí éiceachórais speisialta oiliúna CELTEC – saotharlanna digiteacha, cliste, déantúsaíochta, timpeallachtaí calabraithe, agus rólghlacadh tumthach don seomra stiúrtha – ag cur nochtadh ar phróisis an tsaoil dáiríre ar fáil, ailínithe le cleachtais 5.0 na Tionsclaíochta. Meascann na cláir seo foghlaim sa seomra ranga, scileanna praiticiúla saotharlainne, agus inniúlachtaí dírithe ar an ionad oibre, ag cur ar chumas na rannpháirtithe dul chun cinn a dhéanamh chuig fostaíocht inbhuanaithe laistigh de na hearnálacha réigiúnacha déantúsaíochta agus innealtóireachta. Cuireann an clár seo ar chumas ghnóthaí teicneolaíochtaí nua a ghlacadh orthu féin.

Is léir go bhfuil béim láidir ar fhoghlaim dírithe ar an dtodhchaí trí mhodúil ar Intleacht Shaorga, inbhuanaitheacht timpeallachta, cúrsaí iar-ardteistiméireachta sa litearthacht dhigiteach, ceannaireacht agus bainistíocht, bainistíocht tionscadail agus fáilteachas nua-aimseartha agus scileanna bia. Tugtar tacaíocht don nuálaíocht trí fhoghlaim teagmhálach i gceardlanna teicniúla, saotharlanna cócaireachta, stiúideonna cruthaitheacha, agus timpeallachtaí cúraim ionsamhlaithe.

Déantar soláthar ar na cláir seo le comhoibriú ó ghníomhaireachtaí stáit, ó fhostóirí agus ó eagraíochtaí atá lonnaithe sa phobal, ag cinntiú go bhfuil ailíniú ann le riachtanais mhargadh na hoibre, agus cleachtas na linne seo. Le chéile, feabhsaíonn siad infhostaitheacht, leathnaíonn siad deiseanna dul chun cinn, agus tacaíonn siad le rannpháirtíocht shóisialta agus eacnamaíochta trí fhoghlaimeoirí a ullmhú leis na scilleanna, an mhuinín, agus an tsolúbthacht atá riachtanach le plé le héilimh an ionaid oibre mar a thagann siad chun cinn.

Is é an líon measta foghlaimeoirí do Fhoghlaim don Fhostaíocht sa bhliain 2026 ná thart ar 3,500 foghlaimeoir, ag cur CIA agus Oiliúint Scileanna faoi Leith san áireamh.

Foghlaim san Fhostaíocht:

Leanfaidh BOOCDCM mar cheannaire ar sholáthar scilbhisiú agus athoiliúint sa tionsclaíocht agus sa ghnó i réigiúin Chill Dara agus Chill Mhantáin, le béim láidir ar an bhfoghlaimeoir san ionad oibre, agus múnlaí solúbtha ar an láthair oibre. Beidh an soláthar ailínithe le riachtanais an fhostóra, agus cuirfear ar fáil é trí fhoghlaim san fhostaíocht. Tacóidh Foghlaim san Fhostaíocht le timpeall 4,000 foghlaimeoir trí dheiseanna foghlama atá solúbtha, ceangailte leis an bhfostóir, agus bunaithe ar an obair. Beidh ról lárnach ag cláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, a bhaineann le hearnáil na tionsclaíochta, chomh maith le micreacháilíochtaí atá dírithe ar an dtionsclaíocht, trí chur ar chumas na bhfostaithe scileanna nua a bhaint amach, dul i dtaithí ar theicneolaíochtaí a thagann chun cinn, agus cur le táirgiúlacht agus claochlú eagraíochta. Bainfear úsáid as maoiniú chun feabhas a chur ar chumas an oideachasóra, sain-fhearas a chur ar fáil, agus oiliúint atá ailínithe le riachtanais an lucht oibre a chur ar fáil. Cinntíonn sé seo go leanann an soláthar freagrúil, go dtacaíonn sé le forbairt ghairmiúil leanúnach, agus go gcuireann sé le dul chun cinn an duine aonair ina g(h)airm beatha chomh maith le claochlú níos leithne sa lucht oibre.

Cuireann Scileanna le Dul Chun Cinn (L3-L6 NFQ) uasciliú agus athoiliúint ar fáil i sé croí-réimse: Cúram Sláinte, IS & Scileanna Digiteacha, Innealtóireacht agus Uathoibriú Tionsclaíoch, Teicneolaíocht Chothabhála, Fáilteachas & Seirbhís do Chustaiméirí, Ceannaireacht & Bainistíocht, agus Scileanna Cócairachta & Bearbóireachta. Leathnaíonn sain-chláir gairme – scileanna barista, teicnící cócaireachta, báceireacht cheardaí, gairneoireacht, inbhuanaitheacht timpeallachta, forcardaitheoir feidhmíochtaí, neomataicí, leictreonaic, agus clúdach urláir a chur isteach – inniúlacht theicniúl na bhfostaithe, agus ionchur san ionad oibre.

Príomh-áisitheoir do BOOCDCM ná ár n-ionad CELTEC (Ionad don Teicneolaíocht ar Ard Chaighdeán atá ag Teacht Chun Cinn, ag Cumasú Athruithe) i gCill Droichid, a thugann tacaíocht do ghnóthaí trí thairiscint Scileanna le Dul Chun Cinn, a chuireann scilbhisiú teicniúil, agus ceannaireachta agus bainistíochta, ag ard-léibhéal, ar fáil, le róbataic agus uathoibriú, ríomhchlárú IAT, córais rialaithe tionsclaíoch, díagnóisic leictreach, calbrú ionstraimí,priontáil 3T, agus digitiú bainistíochta sócmhainní. Neartaíonn ceannaireacht, bainistíocht, idirbheartaíocht, bainistíocht tionscadail, agus cláir um bhainistíocht athruithe cumas na heagraíochta ar bhealach breise.

Déantar gach clár a sholáthar i gcomhpháirtíocht le fostóirí agus saineolaithe in earnáil na tionsclaíochta, ag cinntiú go bhfuil ailíniú ann le fíor-riachtanais an lucht oibre, ag tacú le dul chun cinn gairme, agus ag cur le táirgiúlacht, nuálaíocht, agus athléimneacht fhadtéarmach eacnamaíochta. Tá muid ag obair faoi láthair le grúpaí fócais faoi leith sa tionsclaíocht, ag féachaint ar scileanna atá ag teacht chun cinn, trí IS, atá ag teastáil laistigh den domhan deantúsaíochta ard-chliste.

Is é an líon foghlaimeoirí measta do Foghlaim san Fhostaíocht sa bhliain 2026 ná thart ar 4,000 foghlaimeoir.

Funding for FET Pathways

(Pathways, Youth Provision, Community Education, Adult Literacy for Life)

Maoiniú do Chonair BOO

(Conair, Soláthar don Óige, Oideachas Pobail, Litearthacht Aosach don Saol)

Conairí:

Soláthraíonn an tsraith de chláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha BOOCDCM Pathways bealach comhordaithe dul chun cinn i mBreisoideachas, Ardoideachas agus fostaíocht, ag tacú go díreach le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na bpobal ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Cuimsíonn na cláir gnó, riarachán, TFC, cúram sláinte, cúram sóisialta, gairneoireacht, staidéir chruthaitheacha, slándáil, agus oideachas ginearálta—ag cinntiú gur féidir le foghlaimeoirí áitiúla rochtain a fháil ar scileanna a bhaineann leis an tionscal gan a bpobail a fhágáil.

Cuireann modúil atá dírithe ar ghnó scileanna eagrúcháin, anailíse agus cumarsáide ar fáil d'fhoghlaimeoirí a éilíonn fostóirí áitiúla. Trí chumas riaracháin agus tráchtála a neartú, cuireann na cláir seo le fórsa saothair réigiúnach níos athléimní agus tacaíonn siad le fiontair bheaga agus mheánmhéide ar fud an dá chontae.

Tógann tairiscint chuimsitheach TFC inniúlacht dhigiteach atá riachtanach do thimpeallachtaí oibre nua-aimseartha. Téann sé seo chun tairbhe dhíreach do thionscail áitiúla a ghlacann teicneolaíochtaí nua agus cinntíonn sé gur féidir le daoine dul chun cinn i gcláir TFC ardleibhéil nó róil dhigiteacha atá ag teacht chun cinn, ag laghdú ganntanas scileanna sa réigiún.

Neartaíonn conairí cúram sláinte agus cúraim phobail an fórsa saothair cúraim áitiúil. Cinntíonn na cláir seo go bhfuil rochtain ag pobail Chill Dara agus Chill Mhantáin ar ghairmithe cúraim dea-oilte, ag tacú le soláthar ardchaighdeáin i seirbhísí cónaithe, luathbhlianta agus pobalbhunaithe. Treisíonn cúrsaí i gCumarsáid, Pleanáil Gairme, Taithí Oibre, agus Ullmhúchán don Oideachas agus don Fhostaíocht muinín na bhfoghlaimeoirí agus soláthraíonn siad bealaí soiléire dul chun cinn i bhfostaíocht, printíseachtaí agus ardchláir BOO.

Tairgíonn conair phraiticiúla agus chruthaitheacha – ina measc Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh, Péinteáil, Ceardaíocht Adhmaid, Gairneoireacht, Scileanna Inbhuanaitheachta agus Glaise, agus tógáil le brící agus blocanna – forbairt scileanna teagmhálach a bhaineann le fiontar áitiúil, tionscnaimh pobail, an eacnamaíocht ghlas, agus tógáil. Feabhsaíonn na cláir seo leas an duine aonair, tacaíonn siad le rannpháirtíocht an phobail, agus cuireann siad le gníomhaíocht áitiúil eacnamaíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar thacair shainscileanna praiticiúla agus cruthaitheacha.

Ar a dtógaint le chéile, neartaíonn na Conair inniúlacht an lucht oibre, tacaíonn siad le rannpháirtíocht eacnamaíochta ionchuimsitheach, agus cothaíonn siad aontacht an phobail trí fhoghlaimeoirí, oideachasóirí, fostóirí áitiúla, agus comhpháirtithe tionscail a nascadh le chéile. Leathnóidh infhéistíocht leanúnach i gConair deiseanna dul chun cinn, tabharfaidh sé aghaidh ar riachtanais scileanna réigiúnacha, agus cinnteoidh sé gur féidir le daoine aonair ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin cur go hiomlán le saol sóisialta agus eacnamaíochta a bpobail.

Is é an líon measta foghlaimeoirí do Chonair sa bhliain 2026 ná thart ar 3,200 foghlaimeoir.

Soláthar don Óige:

Feidhmíonn soláthar don Óige ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin in ionaid sa Nás, Cill Droichid, Átha Í, Bré, Baile Chill Mhantáin, Baile Coimín, agus an tInbhear Mór, ag tairiscint oideachas agus oiliúint lánaimseartha do dhaoine óga idir 16-20 a d'fhág an scoil go luath. Cuireann an clár timpeallacht struchtúrtha, tacúil ar fáil a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí cáilíochtaí

Léibhéal 3 agus 4 QQI a bhaint amach, agus na bunscileanna a fhorbairt atá riachtanach chun páirt leanúnach a ghlacadh i saol an oideachais, na hoibre agus an phobail. Cuireann gach ionad curaclam ar fáil, atá comhsheasmhach go ginearálta, ina bpléitear le hoideachas ginearálta, scileanna digiteacha, adhmadóireacht, cúram pearsanta, scileanna cócaireachta, ealaín, sláinte agus folláine, agus forbairt phearsanta. Comhtháthaíonn na cláir feasacht ar IS agus foghlaim faoi scileanna glasa chomh maith, ag tacú le forbairt ar inniúlachtaí atá inoiriúnaithe agus dírithe ar an dtodhchaí. Neadaítear forbairt phearsanta, shóisialta agus ghairme trí chomhairleoireacht, agus Seirbhís Thacaíochta Ógtheagmháil, a chuireann treoir saincheaptha, agus pleanáil le dul ar aghaidh, ar fáil. Cuireann comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí pobail, fostóirí, seirbhísí treorach, soláthróirí comhairleoireachta, agus gníomhaireachtaí áitiúla le caighdeán na gclár, agus leathnaíonn siad an fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga. Eascaíonn an comhoibriú seo taithí oibre, tionscnaíochtaí folláine, agus sain-cheardlanna, ag neartú rannpháirtíocht an phobail agus muinín an fhoghlaimeora. Tacaíonn gach ionad Ógtheagmhála le dul chun cinn chuig cúrsaí IAT, cúrsaí BOO, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, agus ard-oideachas, ag cur le torthaí dearfacha fadtéarmacha, agus méadú sa rannpháirtíocht shóisialta agus eacnamaíochta.

Oideachas Pobal:

Cuireann an clár oideachais pobal réimse leathan cúrsaí cruthaitheacha, folláine, timpeallachta agus scileanna digiteacha ar fáil a chuireann go díreach le comhionannas, ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht an phobail ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin. Feidhmíonn na cláir seo mar phointí iontrála inrochtana chuig an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ag tacú le dul chun cinn chuig an mBreisoideachas, go háirithe d'fhoghlaimeoirí a mbeadh constaicí eacnamaíochta, sóisialta nó oideachais ina mbealach.

Déantar soláthar ar na healaíona cruthaitheacha – ar nós fuáil, agus faisean inbhuanaithe, uasciliú, adhmadóireacht, feilteáil, ceirmeacht, ceird na mósáice, péinteáil, agus seanchas – trí bhotháin na mban, botháin na bhfear, grúpaí den Lucht Siúil, cumainn gníomhaíochta lucht scoir, agus eagraíochtaí pobail. Cuireann na gníomhaíochtaí seo leis an mhuinín, neartaíonn siad gréasáin shóisialta, caomhnaíonn siad scileanna cultúrtha, agus spreagann siad ath-rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim struchtúrtha, go minic an chéad chéim i dtreo breis conairí BOO.
Tacaíonn snáithe leathan folláine le hathléimneacht fhisiciúil agus mhothúchánach. Feabhsaíonn sé seo folláine an phobail, laghdaíonn sé leithlisiú, agus tugann sé an tseasmhacht phearsanta do rannpháirtithe atá ag teastáil chun dul ar aghaidh chuig oideachas, oiliúint nó fostaíocht.

Cuireann foghlaim faoin dtimpeallacht nó scileanna glasa – trí ghairneoireacht, garraíodóireacht, oiliúint um cheartas aeráide, oideachas faoin aer, agus ceird atá dírithe ar an inbhuanaitheacht – feasacht timpeallachta agus forbairt phraiticiúil scileanna chun cinn, chomh maith le tacú le tionscnaíochtaí áitiúla pobail. Cuireann na modúil seo foghlaimeoirí ar an eolas faoi chonairí um eacnamaíocht ghlas atá ag teacht chun cinn, agus atá ar fáil trí bhealaí dul chun cinn BOO.

Cuireann cúrsaí um litearthacht dhigiteach, a chuirtear ar fáil trí ionaid acmhainní clainne, grúpaí fear agus ban, agus suíomhanna for-rochtana, le muinín dhigiteach atá fíor-riachtanach. Foghlaimíonn foghlaimeoirí na scileanna atá ag teastáil do chumarsáid, sábháilteacht ar líne, ullmhacht don fhostaíocht, agus caidreamh gníomhach leis na seirbhísí poiblí.

Neartaíonn cúrsaí tacúla ar imeascadh, An Saol in Éirinn, abhcóideacht, bainistiú airgid, agus easpa dídine, cumas an duine aonair a b(h)ealach a dhéanamh trí chórais go neamhspleách, agus a bheith rannpháirteach go hiomlán i saol an phobail. Cuireann na gníomhaíochtaí seo le haontacht shóisialta agus faigheann siad réidh leis na constaicí ar an bhfoghlaim trí na croí-scileanna feidhmíochta agus cumarsáide a thabhairt do rannpháirtithe.

Neartaíonn na tionscnaíochtaí Tabhair Oiliúint don Oiliúnóir cumas an phobail ar bhealach breise trí chur ar chumas na rannpháirtithe foghlaim a chur ar fáil laistigh dá ngrúpaí féin, ag tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach, rannpháirtíocht shibhialta, agus ionchuimsitheacht piar-threoraithe.

Ar a dtógaint le chéile, feabhsaíonn an clár seo litearthacht, inniúlachtaí digiteacha, folláine agus rannpháirtíocht an phobail, ar cur conairí shoiláire agus le tacaíocht, ar fáil chuig soláthar níos leithne BOO, forbairt scileanna, agus deiseanna fostaíochta. Cuirfidh infheistíocht leanúnach ar chumas BOOCDCM rochtain a leathnú, aontacht shóisialta a neartú, agus a chinntiú go bhfuil daoine aonair ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin ábalta dul chun cinn go muiníneach chuig an oideachas, an obair agus saol gníomhach pobail.

Is é an líon measta foghlaimeoirí don Oideachas Pobail sa bhliain 2026 ná thart ar 1,280 foghlaimeoir.

<u>Litearthacht Saoil d'Aosaigh:</u>

Cuireann an clár litearthachta d'aosaigh foghlaim sholúbtha ionchuimsitheach ar fáil a neartaíonn bunscileanna léitheoireachta
scríbhneoireachta, cumarsáide, uimhríochta, agus digiteacha. Cinntíonn litearthacht duine ar dhuine agus i ngrúpaí, BCTE, litearthacht an Bhéarla, agus cuir chuige cruthaitheach ar nós Litearthacht tríd an Ealaín conairí inrochtana ar fáil do dhaoine fásta ag gach leibhéal, tosnaitheoirí foghlaimeoirí RSO san áireamh. Feidhmíonn na conairí seo mar
bhealaí criticiúla chuig an mBreisoideachas, an tArdoideachas, agus an Fhostaíocht.

Is bun-thosaíocht é fós uascilliú digiteach
le cúrsaí ar fáil ó bhunchúrsaí TF agus
scileanna idirlín go húsáid laethúil na teicneolaíochta, próiseáil focal, agus scileanna don bhfón cliste. Cuireann na
hinniúlachtaí riachtanacha seo le neamhspleáchas, infhostaíocht, agus cumas an fhoghlaimeora a bheith rannpháirteach go hiomlán i saol an phobail agus sa saol sibhialta.

Leathnaíonn modúil ghinearálta fhoghlama
scileanna pearsanta agus praiticiúla i gcumarsáid, éifeacht phearsanta, uimhearthacht, litearthacht na meán,
inbhuanaitheacht, gairneoireacht, agus cúram pearsanta. Cuireann cúrsaí tacaíochta ar fáil do chonairí athiontrála
do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas, ag neartú dul chun cinn fadtéarma ar fud Chill Dara agus Chill Mhantáin.

Cuireann roghanna dírithe ar an bhfostóir – ina measc, Ullmhú do Ghairm Beatha, Scileanna Infhostaíochta, Scairbhileoga, Eolas Miondíola, Rochtain ar BOO agus Fostaíocht, agus Ceardlanna ar Theoiric Tiomána – ullmhú díreach ar fáil don obair nó don chéad chéim eile oiliúna, ag cruthú nasc idir foghlaimeoirí áitiúla agus deiseanna i margadh na hoibre, agus ag leathnú rannpháirtíocht an lucht oibre.

Cuireann Comhpháirtíocht Réigiúnach BOOCDCM um Litearthacht d'Aosaigh le haontacht shóisialta trí chomhordú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí idir sheirbhísí BOO, leabharlanna, grúpaí pobal, CIS, SBCA, fostóirí, agus comhpháirtithe náisiúnta. Neadaíonn comh-thionscnaíochtaí – ina measc, imeachtaí don Lá Idirnáisiúnta um Litearthacht, agus an tSeachtain um Ionchuimsitheacht Shóisialta, agus oiliúint comh-roinnte i bhFeasacht Litearthachta, Teanga Shoiléir, agus cláir um shuaitheantas digiteach – feasacht litearthachta ar fud sheirbhísí pobail, agus neartaíonn sé an cumas comhoibrithe.

Déanann an dá chontae óstáil ar iliomad Ionad IPAS agus Iostas Ainmnithe, ag cruthú riachtanas leanúnach do sholáthar láidir BCTE chun tacú le imeascadh tapaidh, aontacht phobail, agus rochtain cothrom ar na seirbhísí áitiúla. Cé go bhfuil an t-éileamh ginearálta ar BCTE ag laghdú de réir a chéile, tá gá suntasach ann fós i measc pobal imirceach atá ag fás, ag léiriú go bhfuil infheistíocht leanúnach ríthábhachtach chun a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht ionchuimsithe, agus dul chun cinn rathúil chuig BOO, ard-oideachas, agus fostaíocht, ann.

Is é an líon measta foghlaimeoirí do Litearthacht d'Aosaigh ar Feadh an tSaoil sa bhliain 2026 ná thart ar 4,078 foghlaimeoir, ó Oideachas Bunata Aosach, BCTE, agus Athlonnú Teifeach.

Maoiniú do Phrintíseacht
(Á threorú ag Ceird agus Cuibhreannais)

Printíseacht do Cheird:

Leanfaidh BOOCDCM de bheith ag soláthar Printíseacht do Cheird an Chrúdóra sa Churrach ag Céim 2, 4 agus 6. Tá rolladh amach díreach déanta ar leagan 6 do mhic léinn nua i mbliana. Leanfaidh soláthar do phrintíseacht ceirde de bheith ag tacú le gach printíseach ceirde atá cláraithe i reigiún Chill Dara agus Chill Mhantáin. Déanfar thart ar 800 printíseach nua a chlárú sa bhliain 2026. Leanfaidh an sé oifigeach údaraithe atá againn ag obair leis an ONP chun seirbhís ar ard-chaighdeán a chur ar fáil don 2,400 printíseach agus 1,300 fostóir, agus thart ar 100 de na printísigh sa Churrach bainteach leis na Fórsaí Cosanta.

Printíseacht 2016+:

Leanfaidh BOOCDCM de bheith ag tairiscint an printíseacht CNG, agus 5 ghrúpa againn idir Chill Dara agus Chill Mhantáin. Tá caighdeánú déanta againn ar an gclár seo de réir BOOLC, agus tá ár bhFostóirí ag baint tairbhe as go háitiúil, agus ag teacht isteach sna salóin, ag cur lena scileanna, chun fanacht suas chun dáta leis an gclár. Tá comhoibriú idir sinn féin agus Comhairle Contae Chill Dara agus thosnaíomar clár C*ommis Chef* sa mhol nua um Bhia agus Deoch in Átha Í, áit a bhfuil

fostóirí áitiúla ag teacht isteach anois agus ag déanamh i bhfad níos mó cúrsaí gearra. Tá printíseachtaí againn do bhogearraí, cíbearshlandáil, agus gréasánú TFC i mBré agus i gCill Droichid, agus táimid chun glacadh le ceathrar eile i mbliana. Beimid ar an gcéad BOO chun an Printíseacht Nua um Anailísíocht Sonraí/ IS a reáchtáil le FIT i Mí Mheán Fómhair.

Maoiniú d'Infheistíocht Straitéiseach

(Maoiniú Reach, Forbairt ar Shain-Scileanna, Tionscnaimh Nualaíochta um Scileanna chun Dul Chun Cinn, Tionscnaíochtaí Straitéiseacha BOO, Tionscnaíochtaí um Ghníomhú ar son na hAeráide, Cúrsaí Féinmhaoinitheacha

Ginearálta:

Tacóidh maoiniú straitéiseach le tionscnaíochtaí sonraithe agus faoi cheangal ama, a chabhraíonn le hobair nuálach le páirtithe i ngníomhaireachtaí stáit agus sa tionsclaíocht. San áireamh anseo tá tionscnaimh fhorbartha um shain-scileanna don todhchaí ailínithe le hearnálacha tosaíochta, agus tionscnaimh nuálaíochta um Scileanna chun Dul Chun Cinn a fhreagraíonn do riachtanais sa bhfiontraíocht a thagann chun solais. Tacóidh maoiniú chomh maith le tionscnaíochtaí straitéiseacha BOO, beartais ghníomhaíochta ar son na haeráide chun feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht agus éifeacht fuinnimh, ina measc Foirne Glasa sna hionaid, scilbhisiú foirne, agus ag ionchorprú cláir inbhuanaitheachta i soláthar BOO, agus forbairt ar chúrsaí féinmhaoinitheachta a chuireann leis an soláthar agus a thacaíonn leis an inbhuanaitheacht. Bainfear úsáid as an infheistíocht seo chun cuir chuige nua a phíolótú, cumas na heagraíochta a mhéadú, tacú le riachtanais chaipiteacha agus fhearais, agus comhpháirtíochtaí a neartú, ag cinntiú go leanann córas BOO ar bhealach lúfar, nuálach, agus ailínithe le cuspóirí polasaí náisiúnta. Táimid ag obair faoi láthair le tionscal na gcapall agus Comhairle Contae Chill Dara féachaint ar bhealaí nuálacha chun oideachas a cheangal leis an dtionscal chun níos mó daoine a mhealladh chuig an tionscal.

REACH:

Sa bhliain 2025 thacaigh BOOCDCM le 16 thionscnamh REACH le thart ar 1,700 tairbhí, agus sa bhliain 2026 tá súil ag BOO BOOCDCM tógáil air seo. Tacaíonn tionscnaíochtaí ar fud réigiún Chill Dara agus Chill Mhantáin le réimse leathan tionscnamh foghlama lonnaithe sa phobal, atá deartha chun rannpháirtíocht a neartú, teagmháil a chur chun cinn, agus constaicí ar an oideachas i measc grúpaí éagsúla a laghdú. Ciallaíonn na himeachtaí nach mór comhoibriú le soláthróirí seirbhíse do dhaoine ar mhíchumas, ag ceadú taispeántais ealaíne sna meáin mheasctha, agus tionscnaíochtaí cruthaitheacha atá dírithe ar an litearthacht, ar nós cláir do chóir athchóirithe a fhorbraíonn cumarsáid, scileanna digiteacha agus féinabhchóideacht.

Cuirtear tionsnaimh eile ar fáil trí chomhpháirtíochtaí le grúpaí tuaithe do mhná, eagraíochtaí forbartha pobail, agus gréasáin deonacha áitiúla, ag éascú imeachtaí cultúrtha, séasúracha agus bunaithe ar an oidhreacht, a chothaíonn ceangal, folláine, agus imeascadh pobail tar éis tréimhsí scoiteachta sóisialta. Cuirfidh tionscnaíochtaí timpeallachta agus inbhuanaitheachta, go minic á gcur i bhfeidhm le grúpaí garraíodóireachta pobail, agus rannpháirtithe foghlama ó ghlúin go

glúin, oideachas teagmhálach sa ghairneoireacht , fás bia, agus maireachtáil inbhuanaithe trí fhorbairt a dhéanamh ar pholatholláin, soithí plandaí, agus infreastruchtúr a bhaineann leo.

Tá fócas suntasach fós ar ionchuimsitheacht dhigiteach, agus tacaíonn maoiniú REACH le scilbhisiú TFC do ghrúpaí pobail do na fir, foghlaimeoirí níos sine, agus daoine aonair a bhfuil constaicí ina mbealach agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha ar líne. Cuireann tionscnaíochtaí sonraithe eile le grúpaí á dtreorú ag an Lucht Siúil foghlaim le piar-thacaíocht, cláir fuála agus ceirde, agus conairí oideachais a chuireann leis an mhuinín agus a thacaíonn le rannpháirtíocht fhadtéarmach ar fáil.

Ar a dtógaint le chéile, leathnaíonn na himeachtaí seo rochtain ar an bhfoghlaim, neartaíonn siad ceangail pobail, agus cruthaíonn siad conairí inbhuanaithe chuig an breisoideachas agus rannpháirtíocht saoil.

Forbairt ar Scileanna Speisialta:

Faoi láthair trí cheangal isteach le tionsclaíocht, ag féachaint ar scileanna atá ag teacht chun tosaigh do mhicreacháilíochtaí nua i dtionscal na cógaisíochta. Tá ár micreacháilíocht nua CX á rolladh amach againn i 2026 chuig earnáil na Tionsclaíochta. Is gradam le haidhm speisialta atá ann, ina bhféachann sé ar scileanna daonna san ionad oibre, dearaíonn sé uirlísí machnaimh don ionad oibre, agus treoraíonn sé laistigh den ionad oibre. Beimid ag féachaint ar níos mó micreacháilíochtaí ag deireadh na bliana.

Tionscnaimh Nuálaíochta:

De bharr srianta reatha leis an mbuiséad, agus easpa maoinithe do thionscnaimh nuálaíochta faoi láthair, tá sé mar aidhm ag BOOCDCM breis mhaoinithe a fháil trí comhpháirtíochtaí, ag súil go mbeidh tacaíocht ann do thionscnaimh nuálaíochta faoi dheireadh na bliana 2026.

Tionscnaíochta faoi leith BOO:

Cuireann Ionad Oideachais Allamuigh BOOCDCM i mBealach Conglais foghlaim allamuigh agus timpeallachta inrochtana ar fáil, a chuireann ionchuimsitheacht, muinín, agus rannpháirtíocht chun cinn do ghrúpaí éagsúla. Neartaíonn na himeachtaí aontacht shóisialta trí fhoghlaimeoirí a thabhairt le chéile le dúshláin chomhroinnte agus tionscnaíochtaí timpeallachta lonnaithe sa phobal. Tacaíonn an t-ionad le comhoibriú le scoileanna, seirbhísí don óige agus eagraíochtaí pobail, ag cothú scileanna atá réidh don dtodhchaí ar nós réiteach fadhbanna, obair foirne, agus litearthacht timpeallachta.

Soláthraíonn Seirbhís Oideachais Phríosún Mhainistir Shelton deiseanna foghlama ionchuimsithe agus athshlánaithe a thugann aghaidh ar mhíbhuntáistí oideachais agus a thacaíonn le cothromaíocht rochtana. Trí chláir ar nós Dearadh le Cabhair Ríomhaireachta, Príomh-scileanna don Ollscoil Oscailte, Ullmhú réamheisiúna, agus Foghlaim Ghinearálta, tugann an t-ionad inniúlachtaí d'fhoghlaimeoirí, atá praiticiúil agus dírithe ar an dtodhchaí, sna scileanna digiteacha, sa chumarsáid, agus san fhoghlaim neamhspleách. Cabhraíonn na cláir seo le haontacht shóisialta trí thacaíocht a thabhairt d'ath-imeascadh dearfach, ceangail phobail a neartú, agus constaicí ar an rannpháirtíocht a laghdú. Le chéile feabhsaíonn an dá ionad folláine an phobail, cuireann siad

forbairt inbhuanaithe chun cinn, agus ullmhaíonn siad foghlaimeoirí don rannpháirtíocht lánbhrí i sochaí ata ag athrú.

BOOCDCM Imeachtaí Inbhuanaitheachta agus Glasa 2025-2030:

Tá BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM), tríd na Foirne Glasa agus an Fhoireann Ardbhainistíochta, tar éis glacadh le cur chuige struchtúrtha agus céim ar chéim, chun gníomhú timpeallachta a fheabhsú ar fud a eastáit. Meascann an straitéis seo cumas tógála, éifeacht oibríochta, mion-oibreacha caipiteacha, agus mór-uasghrádú infreastruchtúir, le tacaíocht ó rialachas láidir, monatóireacht agus rannpháirtíocht le leibhéal an ionaid.

Fócas lárnach ná foireann agus foghlaimeoirí atá cumasach ó thaobh na timpeallachta a fhorbairt trí oiliúint ar cheannaireacht aeráide, forbairt ghairmiúil SEAI Fuinneamh in Éirinn, agus oiliúint um sholáthar glas.

Tugann BOOCDCM tosaíocht d'fhorbairt scileanna inbhuanaithe agus glasa, ag neadú micreacháilíochtaí scileanna glasa agus inbhuanaitheacht saincheaptha d'fhiontair. San áireamh anseo tá cuir chuige comhtháite ag cur le chéile forbairt ar pholasaí inbhuanaitheachta, oiliúint agus teastasú don lucht oibre, chun cabhrú le gnóthaí riachtanais rialacháin timpeallachta agus ESG a chomhlíonadh. Neadaítear inbhuanaitheacht sna conairí foghlama trí mhodúil ionduchtaithe, cláir QQI, agus tairiscintí gairme dírithe ar an aeráid. Feidhmíonn gach ionad le Foireann Ghlas chun súil a choimeád ar mhonatóireacht aeráide, agus tionscnaíochtaí feasachta.

Tá BOOCDCM ag cur réimse beartas éifeachtach ar chostas íseal i bhfeidhm, ina measc uasghrádú ar shoilsiú LED, PIR agus braiteoirí do sholas an lae,siorradh-dhíonadh, barrfheabhsú ar smacht ar an dteas , zónáil, agus feabhsú ar insliú ar phíopaí. Laghdaíonn na beartais seo astaíochtaí carbóin, feabhsaíonn siad feidhmíocht tógála, agus íslíonn siad costais oibríochta. I measc na ngníomhaíochtaí breise ar éifeacht acmhainní tá feabhas a chur ar scaradh dramhaíola, ar mhúiríniú, ar shreabhadh oibre digití ar dtús, agus beartais chun uisce a chaomhnú ar nós méadrú, sceitheadh a bhrath, agus daingneáin le sreabhadh íseal.

Chun bithéagsúlacht a chur chun cinn, tá ionaid, a n-oireann sé dóibh, ag forbairt spásanna atá báúil le pailneoirí, agus scéimeanna chun plandaí dúchasacha a chur, le tacaíocht ó threoirlínte uasdátaithe um thírdhreachú atá saor ó lotnaidicí. Lasmuigh de na beartais seo, tá BOOCDCM tar éis tosaíochtaí mór caipiteacha a ainmniú - — iarfheistithe domhain fuinnimh, úsáid as griancheallú ar iliomad suíomhanna, dícharbónú ar chórais teasa, CBFT lárnach, uasghrádú ar infreastruchtúr an uisce, agus córas taistil inbhuanaithe a fheabhsú – chun a choiscéim timpeallachta a laghdú go mór agus chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí náisiúnta ar son na haeráide.

Chomh maith le beartais um chostais ísle, ainmníonn na pleananna punann de mór-idirbheartaíochtaí caipiteacha a théann os cionn na mbuiséad áitiúla agus a bhfuil rialachas comhorduithe ag leibhéal BOO, saineolas teicniúil, agus sain-sholáthar ag teastáil uathu, ina measc, iarfheistithe domhain fuinnimh ar fhoirgnimh tosaíochta, úsáid griancheallú ar iliomad suíomhanna, dícharbónú agus nuachóiriú ar na córais teasa, na Córais Bhainistíochta um Fhuinneamh Tógála (CBFT) a chur i bhfeidhm, uasghrádú ar infreastruchtúr an uisce, agus forbairt

ar infreastruchtúr inbhuanaithe taistil agus talamh ar nós áiseanna luchtaithe EV agus feabhsú gníomhach ar thaisteal.